


# An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016



## Clár na nÁbhar

1.	Tuarascáil an Choimisiúin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016	2
2.	Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Choimisiúin	3
3.	Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	4
4.	Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais	5
5.	Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais	6
6.	Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach	7
7.	Ráiteas um an Staid Airgeadais	8
8.	Ráiteas um Athruithe ar an gCuntas Cúlchistí agus Caipitil	9
9.	Ráiteas um Shreabhadh Airgid	10
10.	Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016	11-20

## **An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta**

### **Tuarascáil an Choimisiúin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016**

Tá áthas orm ráitis airgeadais an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 a chur i láthair.

#### ***Bliain Airgeadais***

Cuimsíonn an tréimhse chuntasaíochta an dhá mhí dhéag go dtí an 31 Nollaig 2016.

#### ***Príomhghníomhaíochtaí***

Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta de réir an Achta um Rialáil Eitlíochta, 2001. Is iad príomhfheidhmeanna an Choimisiúin muirir aerfoirt a rialú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, ceadúnú tionscnóirí turas agus gníomhairí taistil atá i mbun oibre in Éirinn, cur chun feidhme oibleagáidí na hÉireann faoi reachtaíocht an Aontais Eorpaigh um chionroinnt sealanna, ceadúnú aeriompróirí Éireannacha agus ceadú soláthraithe seirbhíse ar an talamh. Tá an Coimisiún freagrach chomh maith as a chinntiú go gcomhlíonfar cearta íosta na bpaisinéirí aeir i gcás moille, cealaithe agus bordáil dhiúltaithe, agus as a chinntiú go dtairgfear deiseanna aerthaistil do dhaoine atá faoi mhíchumas luaineachta atá inchomparáide leo siúd a bhíonn ag saoránaigh eile.

#### ***Torthaí***

Tá sonraí maidir le torthaí airgeadais an Choimisiúin i leith na bliana leagtha amach sna Ráitis Airgeadais agus sna nótaí a ghabhann leo.

#### ***Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Mhall in Idirbhearta Tráchtála) 2002***

Tháinig an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta faoi shainchúram Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 le héifeacht ón 7 Lúnasa, 2002 agus cloíonn sé le ceanglais na Rialachán sin.

#### ***Iniúcháirí agus Cuntais***

De réir Alt 26 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, tá oibleagáid ar an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta gach gnáthchuntas cóir den airgead a fuair sé nó a chaith sé a choinneáil, i gcibé foirm a fhaomhadh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le comhthoilíú an Aire Airgeadais, cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe san áireamh. Chomh maith leis sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún na cuntais sin a chur faoi bhráid an Ard-Reachtairé Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh agus cuirfear na cuntais sin faoi bhráid an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i ndiaidh a n-iniúchta, mar aon leis an tuarascáil a ghabhann leo.

**Cathy Mannion**  
**An Coimisinéir**



**15 Meitheamh 2017**

## **An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta**

### **Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Choimisiúin**

Ceanglaíonn Alt 26(a) den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001 ar an gCoimisiún ráitis airgeadais a ullmhú i gcibé foirm a fhaomhadh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le comhthoilíú ón Aire Airgeadais agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-íniúchadh. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear an méid seo a leanas ar an gCoimisiún:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, mura bhfuil an bonn sin míchuí
- imeachtaí ábhartha ar bith ó chaighdeáin infheidhmithe chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú

Tá an Coimisiún freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil, ina nochtar le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith staid airgeadais an Choimisiúin agus a chuireann ar a chumas dó a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 26 den Acht. Tá an Coimisiún freagrach chomh maith as a shócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh i ndáil le calaois nó mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.



**Cathy Mannion**  
**An Coimisinéir**

**15 Meitheamh 2017**



## Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 faoin Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001. Cuimsítear sna ráitis airgeadais an ráiteas ioncaim agus caiteachais, an ráiteas um ioncam cuimsitheach, an ráiteas um an staid airgeadais, an ráiteas um athruithe ar an gCuntas Cúlchistí agus caipítíl, an ráiteas um shreabhadh airgid agus na nótaí a ghabhann leo. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm atá forordaithe faoi Alt 26 den Acht, agus i gcomhréir leis an gcleachtas cuntasáiochta a bhfuil glacadh coitianta leis.

#### Freagrachtaí an Choimisiúin

Tá an Coimisiún freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, as a áirithiú gur léargas fírinneach cóir a thugtar iontu agus as rialtacht na n-idirbheart a áirithiú.

#### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá mise freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt orthu i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Tá m'iniúchadh déanta agam trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin.

Chuir mé m'iniúchadh i gcrích de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIníúcháireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Eiticíúla d'Iníúcháirí atá leagtha síos ag an mBord um Chleachtais Iníúcháireachta.

#### Raon feidhme an iniúchta a rinneadh ar na ráitis airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná an fhaisnéis agus na méideanna agus an nochtadh go léir atá sna ráitis airgeadais a fháil atá leordhóthanach chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide. Áirítear air seo measúnú a dhéanamh ar

- cé acu an oireann nó nach n-oireann na beartais chuntasáiochta do chúinsí an Choimisiúin, agus cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh gur cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus gur nochtadh go himleor iad
- a réasúnaí is a bhí meastacháin shuntasacha cuntasáiochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht chomh maith le linn m'iniúchta fianaise a fháil mar gheall ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Ina theannta sin, léim tuarascáil bhliantúil an Choimisiúin chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shaináithint agus chun faisnéis ar bith a shaináithint

ar cosúil go bhfuil sí mícheart go hábhartha ar bhonn an eolais a fuair mé le linn dom a bheith i mbun an iniúchta seo, nó nach dtagann go hábhartha leis an eolas sin. Breithnín na himpleachtaí do mo thuarascáil má fhaighim amach faoi aon mhíríteis dhealraitheacha nó faoi aon neamhréireachtaí dealraitheacha ábhartha.

#### Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim, maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta amhail an 31 Nollaig 2016 agus ar a ioncam agus a chaiteachas i leith na bliana 2016; agus
- gur ullmhaíodh go cuí iad i gcomhréir leis an gcleachtas cuntasáiochta a bhfuil glacadh coitianta leis.

Is é mo thuairim go raibh taifid chuntasáiochta an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta leordhóthanach ionas go bhféadfaí iniúchadh furasta, cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntais.

#### Ábhair a dtugaim tuairisc orthu mar eisceacht

Tugaim tuairisc ar bhonn eisceachta más rud é nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó más rud é

- go dtugaim cás ábhartha ar bith faoi deara inar úsáideadh airgead do chuspóir eile seachas don cheann a bhí beartaithe dó, nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil an Choimisiúin ag teacht leis na ráitis airgeadais a ghabhann léi ná leis an eolas a fuair mé le linn dom a bheith i mbun an iniúchta seo, nó
- nach léirítear sa ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais go gcloíonn an Coimisiún leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis na nithe sin a dhéantar a thuairisciú mar eisceachtaí.

**John Crean**  
Ar son agus thar ceann  
an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste  
19 Meitheamh 2017

## **An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta**

### **Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais**

Tá freagracht fhoriomlán ar an gCoimisinéir um Rialáil Eitlíochta as córas um rialú inmheánach an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta agus as monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtúlacht. Dearadh an córas sin chun dearbhú réasúnta, ach ní dearbhú iomlán, a thabhairt in éadan míráiteas nó cailteanas ábhartha.


D'fhonn an fhreagracht seo a chomhlíonadh ar dhóigh ina gcinntítear go ndéanfar gach gnó de réir reachtaíochta agus rialachán, tá struchtúr eagrúcháin curtha ar bun ag an gCoimisinéir ina bhfuil na nithe seo a leanas soiléir: nósanna imeachta maidir le feidhmiú agus tuairisciú, línte freagrachta, teorainneacha údaraithe, imscaradh dualgas agus údarás tarmligthe.

Tá creat rialaithe i bhfeidhm ag an gCoimisiún, a chlúdaíonn gach réimse um rialú. Cuimsíonn an córas um rialú inmheánach an méid seo a leanas:

- Struchtúr eagrúcháin atá soiléir sainithe, le teorainneacha sainithe údarais agus meicníochtaí tuairiscithe chuig leibhéal níos airde bainistíochta agus chuig an gCoimisinéir, a thugann tacaíocht le timpeallacht láidir rialaithe a choinneáil;
- Córais chuimsitheacha buiséadaithe agus buiséad bliantúil faofa ag an gCoimisinéir;
- Córas cuimsitheach tuairiscithe a chlúdaíonn feidhmíocht airgeadais, a tharlaíonn ar bhonn tráthúil agus rialta agus a bhfuil mar aidhm aige a chinntiú go ndéanfar scrúdú ar athraithis bhuiséadacha agus go bpléifear leo go pras;
- Sraith chuimsitheach de pholasaithe agus de nósanna imeachta a bhaineann le rialú airgeadais;
- Clár Riosca a athbhreithníonn agus a nuashonraíonn an fhoireann bainistíochta. Tá an Coimisiún ag obair le hiniúcháirí inmheánacha le rioscaí iarmharacha a idirdhealú, a shainaitheint agus a bhainistiú.

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag an gCoimisiún a dhéantar a fhoinsiú allamuigh. Bíonn obair na hiniúcháireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí dá bhfuil an Coimisiún nochtta, agus bunaítear na pleananna bliantúla iniúcháireachta inmheánaí ar an anailís sin. Tá Coiste Iniúcháireachta ag an gCoimisiún chomh maith a fheidhmíonn faoi chairt i scríbhinn atá faofa ag an gCoimisinéir agus ar a bhfuil triúr comhaltaí seachtracha. Cuirtear gach tuarascáil iniúchta inmheánaigh i láthair an Choiste Iniúcháireachta. Cuireann an t-iniúcháir inmheánach tuairim in iúl don Choimisiún maidir le leorgacht agus éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach.

Dearbhaím, maidir leis an mbliain go dtí an 31 Nollaig 2016, go ndearna an Coimisiún athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.



**Cathy Mannion**  
**An Coimisinéir**

**15 Meitheamh 2017**

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta  
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

<b>Ioncam</b>	<b>Nótaí</b>	<b>2016 €</b>	<b>2015 €</b>
Ioncam Tobhaigh	2	2,224,642	1,968,651
Táillí Ceadúnas	2	178,063	188,060
Eile	2	105,193	20,606
<b>Ollioncam</b>		<b>2,507,898</b>	<b>2,177,317</b>
Aistriú (go)/ón gCuntas Caipitil	10	(1,277)	(19,057)
<b>Glanioncam</b>		<b>2,506,621</b>	<b>2,158,260</b>
<b>Caiteachas</b>			
Costais Foirne	4	1,169,743	968,844
Costais Sochar Scoir	11 (a)	256,210	127,144
Comhairleacht		34,809	5,658
Táillí Dí		299,783	91,840
Cíos		280,300	280,300
Comhordú Sliotán		331,387	320,317
Costais Oibriúcháin		487,646	504,800
	3	2,859,879	2,298,903
(Easnamh) Oibriúcháin	15	(353,257)	(140,643)

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 18.

**Cathy Mannion**  
An Coimisinéir



**15 Meitheamh 2017**

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta  
 Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar chróch an 31 Nollaig 2016

		<b>2016</b>	<b>2015</b>
	<b>Nótaí</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
(Easnamh) Oibriúcháin		(353,257)	(140,643)
(Caillteanais) ó thaithí a eascraíonn ó dhliteanais maidir leis an scéim sochar scoir	11 (d)	(175,364)	21,808
(Caillteanais)/gnóthachain achtúireacha ar shócmhainní na scéime	11 (biii)	(19,021)	163,033
Athruithe ar na boinn tuisceana i dtaobh luach reatha dhliteanais na scéime sochar scoir	11 (bii)		
Aistrithe isteach le haghaidh seirbhíse roimhe sin (Caillteanas)/gnóthachan achtúireach	11 (biii)	(194,385)	184,841
Iomlán an (Easnamh)/Ioncaim Chuimsithigh don Bhliain		(547,642)	44,198

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 18.

**Cathy Mannion**  
**An Coimisinéir**



**15 Meitheamh 2017**



An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta  
Ráiteas um an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2016

	Nótaí	€	2016 €	€	2015 €
<b>Maoin, Gléasra agus Trealamh</b>					
Maoin, Gléasra agus Trealamh	5		21,319		20,042
<b>Sócmhainní Reatha</b>					
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid	6	20,891,955		22,530,540	
Taiscí Fadtéarmacha	7	<u>515,990</u>		<u>514,477</u>	
Infháltais agus Réamhíocaíochtaí	8	<u>344,051</u>		<u>262,543</u>	
		21,751,996		23,307,560	
<b>Creidiúnaithe:</b>					
<b>Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin</b>					
Méideanna Iníoctha agus Fabhruithe	9	(395,699)		(169,324)	
Cuntais Bannaí Airgid	6	<u>(19,190,471)</u>		<u>(20,751,078)</u>	
		(19,586,170)		(20,920,402)	
<b>Glansócmhainní Reatha</b>			2,165,826		2,387,158
<b>Iomlán na Sócmhainní Iúide Dlíteanas Reatha</b>			2,187,145		2,407,200
			2,187,145		2,407,200
Glandliteanas Sochar Scoir	11 (b)		(935,282)		(608,973)
<b>Glansócmhainní agus Dlíteanas Sochar Scoir san áireamh</b>			1,251,863		1,798,227
<b>Lena n-ionadaítear</b>					
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais			2,165,826		2,387,158
Cuntas Caipitil	10		21,319		20,042
Cúlchiste Sochar Scoir			(935,282)		(608,973)
			1,251,863		1,798,227

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 18.

**Cathy Mannion**  
An Coimisinéir



**15 Meitheamh 2017**

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta  
Ráiteas um Athruithe ar an gCuntas Cúlchistí agus Caipitil amhail an 31 Nollaig 2016

	<b>Cuntas Ioncaim agus Caiteachais</b>	<b>Cuntas Caipitil</b>	<b>Cúlchiste Sochar Scoir</b>	<b>Iomlán</b>
<b>Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015</b>	2,471,503	985	(737,515)	1,734,972
Coigeartú	32,107		(32,107)	-
<b>Iarmhéid Athbhreithnithe amhail an 1 Eanáir 2015</b>	<b>2,503,610</b>	<b>985</b>	<b>(769,622)</b>	<b>1,734,972</b>
Easnamh Oibriúcháin	(140,643)			(140,643)
Gluaiseacht le linn na bliana		19,057		19,057
Gnóthachan Achtúireach			184,841	184,841
Coigeartú	24,192		(24,192)	-
<b>Iarmhéid Athbhreithnithe amhail an 31 Nollaig 2015</b>	<b>2,387,158</b>	<b>20,042</b>	<b>(608,973)</b>	<b>1,798,227</b>
<b>Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2016</b>	2,387,158	20,042	(608,973)	1,798,227
Easnamh Oibriúcháin	(353,257)			(353,257)
Gluaiseacht le linn na bliana		1,277		1,277
Caillteanas Achtúireach			(194,384)	(194,384)
Aistriú	131,925		(131,925)	-
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2016</b>	<b>2,165,826</b>	<b>21,319</b>	<b>(935,282)</b>	<b>1,251,863</b>

Léiríonn an Cúlchiste Sochar Scoir an difríocht idir costas carnach na sochar scoir agus na suimeanna a íocadh go dtí seo. Léiríonn an t-aistriú i rith na bliana an difríocht idir costas iomlán na sochar scoir arna n-aithint sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais i rith na bliana agus an méid a íocadh i rith na bliana. Rinneadh an coigeartú i leith na bliana 2015 chun an t-aistriú sin a léiriú.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 18.

*Cathy Mannion*

**Cathy Mannion**  
An Coimisinéir

**15 Meitheamh 2017**

	Nótaí	2016 €	2015 €
<b>Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>			
(Easnamh) maidir le hIoncam agus Caiteachas Difríocht idir an Costas Sochar Scoir agus Ranníocaíocht an Fhostóra		(353,257)	(140,643)
Dímheas	5	131,925 5,218	24,191 4,068
Ús bainc a fuarthas mar ghlanmhéid de na muirir bhainc a íocadh		(231)	(8,966)
Amúchadh sócmhainn chaipitil		1,277	(4,068)
Méadú ar Mhéideanna Infhála	8	(91,046)	(3,634)
Laghdú ar Réamhíocaíochtaí	8	9,536	5,413
Méadú ar Mhéideanna Iníochta	9	36,268	4,680
Méadú/(Laghdú) ar Fhabhruithe	9	190,107	(112,552)
<b>(Glan-eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>		(70,201)	(231,511)
<b>Sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe</b>			
Ús Bainc		1,966	9,765
Muirir Bhainc a Íocadh		(3,248)	(3,060)
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a Fháil		(6,494)	-
<b>Glansreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe</b>		(7,776)	6,705
<b>Sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>			
(Laghdú)/Méadú ar Chuntais Bannaí Airgid agus CCT	6	(1,560,608)	7,871,847
<b>Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>		(1,560,608)	7,871,847
<b>(Laghdú)/Méadú Glan ar Airgead Tirim agus ar Choibhéisí Airgid</b>			
		(1,638,585)	7,647,041
<b>Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir</b>			
		22,530,540	14,883,499
<b>Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig</b>			
		20,891,955	22,530,540

## **1. Beartais Chuntasaíochta**

Leagtar amach thíos bunús na cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta a ghlac an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta. Cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad go léir ar feadh na bliana agus i leith na bliana roimhe sin.

### **a) Faisnéis Ghinearálta**

Is comhlacht neamhspleách é an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta a bunaíodh de bhun an Achta um Rialáil Eitlíochta, 2001. Is iad príomhfheidhmeanna an Choimisiúin muirir aerfoirt a rialú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, ceadúnú tionscnóirí turas agus gníomhairí taistil atá i mbun oibre in Éirinn, cur chun feidhme oibleagáidí na hÉireann faoi reachtaíocht na hEorpa um chionroinnt sealanna, ceadúnú aeriompróirí Éireannacha agus ceadú soláthraithe seirbhíse ar an talamh. Tá an Coimisiún freagrach chomh maith as a áirithiú go gcomhlíonfar cearta íosta na bpaisinéirí aeir i gcás moille, cealaithe agus bordáil dhiúltaithe, agus as a áirithiú go dtairgfear deiseanna do dhaoine atá faoi mhíchumas luaineachta chun taisteal d'aer, deiseanna atá inchomparáide leo siúd a bhíonn ag saoránaigh eile.

### **b) Ráiteas Géilliúlachta**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgid a bhfuil feidhm aige sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais agus arna fhógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

### **c) Bonn Ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, cé is moite de shócmhainní agus dliteanais áirithe a rinneadh a thomhas ar a luach cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a d'fhaomh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le comhthoilíú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Rialáil Eitlíochta. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach i leith nithe a mheastar atá ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta.

### **d) Aitheantas Ioncaim**

Tugtar ioncam ó Thobhach Eitlíochta chun cuntais thar an tréimhse lena mbaineann sé. Tugtar ioncam ó tháillí ceadúnais de bhun iarratas ó lucht an ghnó taistil chun cuntais sa bhliain ina n-eisítear an ceadúnas. Aithnítear ioncam úis ar bhonn fabhrúithe ag baint úsáide as modh an ghlanráta úis.

### **e) Maoin, Gléasra agus Trealamh**

Tá maoin, gléasra agus trealamh luaite ar a gcostas lúide dímheas carntha, arna gcoigeartú i leith soláthar ar bith i ndáil le lagú. Luaitear dímheas i leith gach maoin, gléasra agus trealaimh, seachas talamh ruilse agus saothair ealaíne, ag rátaí a mheastar chun díscríobh a dhéanamh ar an gcostas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn an mhéid chothroim thar a gcuid saol úsáideach tuartha, mar seo a leanas:

Daingneáin agus Feistis	20% in aghaidh na bliana
Trealamh Oifige	10% in aghaidh na bliana
Trealamh Ríomhaireachta	20% in aghaidh na bliana

Is ionann an luach iarmharach agus an méid measta a gheofaí ar dhiúscairt sócmhainne, tar éis chostais mheasta na diúscartha a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn d'aois agus sa riocht cheana féin a bheifí ag súil leis ag deireadh a shaoil úsáidigh. Is é €5,000 tairseach chaipitlithe an Choimisiúin. Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar lagú luach sócmhainne, aithnítear cailteanas lagaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

### **f) Infháltais**

Aithnítear infháltais ar a luach cóir, lúide soláthar i leith fiacha amhrasacha. Is soláthar sonrach é an soláthar i leith fiacha amhrasacha, agus bunaítear é nuair is ann d'fhianaise oibiachtúil nach mbeidh an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta in ann gach méid atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar i leith fiacha amhrasacha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

### **g) Léasanna Oibriúcháin**

Aithnítear caiteachas ar chíosanna faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Choinnithe thar shaol an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa, ach amháin nuair a bhíonn arduithe cíosa i gceist atá nasctha leis an ráta boilscithe a bhfuiltear ag súil leis, agus sa chás sin aithnítear na harduithe sin tráth a dtabhaithe. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaol an léasa.

### **h) Sochair Fostaithe**

#### Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear Sochair Ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chaiteachas sa bhliain, agus áirítear sochair arna bhfabhrú ag deireadh na bliana i bhfigiúr na Méideanna Iníochta sa Ráiteas um an Staid Airgeadais.

#### Sochair Scoir

Feidhmíonn an Coimisiún scéimeanna ranníocacha cistithe pinsean le sochair shainithe faoi Alt 20 agus Alt 21 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001. Rinne an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe scéimeanna aoisliúntais an Choimisiúin a fhaomhadh i Meitheamh 2015. Cuimsítear sa mhuirear sochar scoir sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais an costas seirbhíse reatha agus costas úis dhliteanais na scéime. Aithnítear gnóthachain agus cailteanais achtúireacha sa ráiteas um ioncam cuimsitheach i leith na bliana ina dtarlaíonn siad. Déantar sócmhainní na scéime sochar scoir a thomhas ar a luach cóir. Déantar dliteanais na scéime sochar scoir a thomhas ar bhonn achtúireach ag baint úsáid as modh an aonaid réamh-mheasta. Má tá dliteanais na scéime níos mó ná sócmhainní na scéime, cuirfear sin i láthair ar an gClár Comhardaithe mar dhliteanas. I gcás fostaithe nua, nach iarbhaill iad de scéim aoisliúntais de chuid na seirbhíse poiblí, cláraítear le Scéim Aonair na Seirbhíse Poiblí um Shochair Scoir iad ón 1 Eanáir 2014 i leith. Déantar ranníocaíochtaí le Scéim Aonair na Seirbhíse Poiblí um Shochair Scoir a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. I gcás íocaíochtaí pinsin faoi Scéim Aonair na Seirbhíse Poiblí um Shochair Scoir, nuair is ann dóibh, is é an t-údarás cuí a íocfaidh iad. Níl soláthar ar bith déanta sna ráitis airgeadais seo don dliteanas i ndáil le baill na scéime sin toisc nach méid ábhartha atá i gceist.

**i) Bannaí na Trádála Taistil agus an Ciste Cosanta Taistealaithe**

An fhreagracht as ceadúnú gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas a riar de réir an Achta Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982, arna leasú, rinneadh í a aistriú ón Roinn Fiontar Poiblí chuig an gCoimisiún ar lá a bhunaithe, an 27 Feabhra 2001.

Airgead a chuireann gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas i dtaisce mar bhannaí airgid de bhun Alt 13 den Acht sin, coinnítear é i gcuntais bhainc ar leithligh faoi rialú an Choimisiúin. Déanann an Coimisiún íocaíochtaí de bhun éilimh ar na bannaí de réir mar a thagann siad chun cinn. Tugtar i gcuntas mar chreidiúnaithe na hiarmhéideanna nár caitheadh ar chuntais bhanna amhail an 31 Nollaig 2016.

Bunaíodh an Ciste Cosanta Taistealaithe faoi Alt 15 den Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982, le soláthar a dhéanamh d'aon ghannchion ar na bannaí taistil maidir le cailteanais nó dliteanais arna dtabhú ag custaiméirí gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas. Coinnítear an chuid is mó d'airgead an Chiste i gcuntas infheistíochta arna bhainistiú agus arna rialú ag an Aire Airgeadais agus cuid bheag eile de i gcuntas reatha arna bhainistiú agus arna rialú ag an gCoimisiún. Caitear leis an iarmhéid sa dara cuntas acu seo mar chreidiúnaí sna ráitis airgeadais seo.

Is é an Coimisiún a riarann na cuntais bhanna agus an Ciste agus faigheann an Coimisiún a chostais ar ais ó na bannaí nó ón gCiste faoi théarmaí Acht na bliana 1982. Ullmhaítear cuntais airgeadais ar leithligh do na cuntais bhanna agus don Chiste Cosanta Taistealaithe arna nglao agus déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh orthu.

**j) Cuntas Caipitil**

Is é atá sa Chuntas Caipitil ná luach an ioncaim gan amúchadh a úsáidtear chun críocha caipitiúla.

**k) Airgeadraí Coigríche**

Déantar idirbhearta a dhéantar in airgeadraí coigríche agus a bhaineann le hioncaim agus le costais a aistriú ina euro ar na rátaí malartaithe a bhí i bhfeidhm ar na dátaí ar a ndearnadh na hidirbhearta.

**l) Breithiúnais agus Meastacháin Shuntasacha**

Ní mór breithiúnais agus meastacháin shuntasacha a dhéanamh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú. Áirítear leis na míreanna sna ráitis airgeadais ina ndearnadh na breithiúnais agus na meastacháin sin iad seo a leanas:

1. Oibleagáid um Shochair Scoir

Déantar nuashonrú bliantúil ar bhoinn tuisceana na meastachán achtúireach dá gcinntear na méideanna arna n-aithint sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe ar leibhéal chúitimh amach anseo, rátaí básmhaireachta agus treochothaí um chostas cúraim sláinte) ar bhonn na ndálaí geilleagracha atá i réim faoi láthair, agus i leith athrú ábhartha ar bith ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna sochar scoir agus na bpleananna iarscoir.

D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an méid seo a leanas ar na boinn tuisceana:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta
- (ii) leibhéal chúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh saothair amach anseo
- (iii) treochothaí um chostas cúraim sláinte, ráta an bhoilscithe i dtaobh costas leighis sna réigiúin ábhartha.

## An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Nótaí atá ina gcuid de na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

### 2. Ioncam

Faigheann an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta ioncam ó dhá phríomhfhoinsé, ioncam ó thobhaigh agus ioncam ó tháillí ceadúnas don trádáil taistil.

#### Fáltais ó Thobhach

Faoi Alt 23 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, tugtar cumhacht don Choimisiún um Rialáil Eitlíochta i dtaobh rialacháin a dhéanamh lena bhforáiltear do thobhaigh a ghearradh. Is é is aidhm leis na Tobhaigh ná costais agus caiteachais an Choimisiúin a chlúdach.

#### Táillí Ceadúnais

Faoi Alt 12 den Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982 tugtar cumhacht don Choimisiún le ceadúnais a eisiúint agus le táillí a ghearradh ar an Tionscal Trádála Taistil. Cuimsítear san ioncam eile ús infhaighte (€3,479) agus Ioncam CCT (€101,714).

### 3. Caiteachas

	2016	2015
Costais Foirne	1,169,743	968,844
Costas Sochar Scoir	256,210	127,144
Comhairleacht	34,809	5,658
Táillí Dí	299,783	91,840
Cíos	280,300	280,300
Comhordú Sliotán	331,387	320,317
Costais Oibriúcháin:		
Fógraíocht agus Caidreamh Poiblí	66,512	42,752
Taisteal agus Liúntas Cothaithe	13,804	10,869
Comhdhálacha	8,513	8,858
Oiliúint agus Earcaíocht	49,583	23,128
Táille Iniúcháireachta	9,500	10,300
Iniúchadh Inmheánach/Táillí an Choiste Iniúcháireachta	29,343	28,661
Cothabháil ar an láithreán Gréasáin	28,229	86,992
Glantóireacht	13,240	11,012
Leictreachas	6,678	7,022
Cothabháil Oifige	11,890	8,998
Árachas	43,125	41,669
Páipéarachas Oifige	14,904	10,537
Postas agus Iompar	5,840	4,114
Teileafón	14,873	16,618
Dímheas	5,218	4,068
Muirear Seirbhíse	48,256	45,583
Rátaí	26,419	26,419
Costais Stórála	4,485	3,717
Eile	87,234	113,483
Iomlán	2,859,878	2,298,903

#### 4. Líon agus costais na foirne

	Total 2016 €	Total 2015 €
Tuarastail	1,027,613	882,808
ÁSPC - maidir le baill foirne arna n-íoc ag an CRE	81,858	79,141
ÁSPC agus Pinsin - baill foirne ar iasacht	50,708	4,470
Costas maidir le Baill Foirne Ghníomhaireachta a bheith fostaithe	9,564	2,425
<b>Iomlán</b>	<b>1,169,743</b>	<b>968,844</b>

Mar seo a leanas atá meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ag an gCoimisiún i gcaitheamh na bliana, á gcur i láthair de réir catagóire:

	2016	2015
Meánlíon Iomlán na bhFostaithe Coibhéiseacha Lánaimseartha	16	14
Déantar miondealú ar phacáiste luach saothair an Choimisinéara anseo a leanas:	2016	2015
Buntuarastal Bliantúil	143,564	9,883
Costas Sochar Scoir	34,478	2,134
Pacáiste Iomlán Luach Saothair	178,042	12,017

Nóta: Cheap an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Cathy Mannion ina Coimisinéir le héifeacht ón 7/12/15.

Asbhaint a bhaineann le Sochair Scoir:

I rith 2016, baineadh asbhaintí €41,968 ó bhaill foirne i dtaobh sochair scoir agus íocadh leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt iad.

Íocadh €539,317 san iomlán leis an bpríomhlucht bainistíochta i leith na bliana 2016 (2015: € 389,588). Áirítear leis an bpríomhlucht bainistíochta an Coimisinéir agus cúigear bainisteoirí. Chuaigh duine amháin ar scor agus dá bhrí sin thóg duine eile áit an té sin i rith na bliana.

	2016	2015
Banda	Líon na bhfostaithe	Líon na bhfostaithe
€60,000-€70,000	0	0
€70,001-€80,000	1	1
€80,001-€90,000	2	1
€90,001-€100,000	1	2
€100,001-€110,000	0	0
€110,001-€120,000	0	0
€120,001-€130,000	1	1
€130,001-€140,000	0	0
€140,001-€150,000	1	1

Ba é €158,589 (2015: €143,907) iomlán na ranníocaíochtaí sochar scoir ón bhfostóir i leith na bliana 2016.



An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Nótaí atá ina gcuid de na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

**5. Maoin, Gléasra agus Trealamh**

	<b>Trealamh Oifige</b>	<b>Troscán agus Feistis</b>	<b>Trealamh Ríomhaireachta</b>	<b>Iomlán</b>
	€	€	€	€
Costas ag tús na bliana	9,044	91,302	125,807	226,153
Breisiúcháin i rith na bliana	6,495	-	-	6,495
Diúscairtí i rith na bliana	-	-	-	-
<b>Ag deireadh na bliana</b>	<b>15,539</b>	<b>91,302</b>	<b>125,807</b>	<b>232,648</b>
<i>Dímheas carntha</i>				
ag tús na bliana	9,044	71,260	125,807	206,111
Muirear don bhliain	592	4,626	-	5,218
Diúscairtí i rith na bliana	-	-	-	-
<b>Ag deireadh na bliana</b>	<b>9,636</b>	<b>75,886</b>	<b>125,807</b>	<b>211,329</b>
<b>Glanluach de réir na Leabhar amhail an 31 Nollaig 2016</b>	<b>5,902</b>	<b>15,416</b>	<b>-</b>	<b>21,319</b>
Glanluach de réir na Leabhar amhail an 31 Nollaig 2015	-	<b>20,042</b>	-	<b>20,042</b>

**6. Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid**

	<b>2016</b>	<b>2015</b>
	€	€
Cuntais Bhainc – Cuntais Bhanna na Trádála Taistil	18,658,523	20,542,518
Cuntas Bainc – An Ciste Cosanta Taistealaithe	531,948	208,560
	<b>19,190,471</b>	<b>20,751,078</b>
Cuntas Bainc – Cuntas Reatha CRE	183,047	63,533
Cuntas Bainc – Cuntas Taisce CRE	957,898	1,155,942
Cuntas Bainc – Cuntas Taisce ar Théarma Fada CRE	559,936	559,917
Mionairgead	603	70
	<b>20,891,955</b>	<b>22,530,540</b>

Is suimeanna airgid iad Cuntais Bhanna na Trádála Taistil a chuirtear i dtaisce in ainm an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta agus is féidir úsáid a bhaint astu i gcás loicthe ag Tionscnóirí Turas nó ag Gníomhairí Taistil gaolmhara. Ní féidir leis an gCoimisiún an t-airgead seo a úsáid chun críche rud ar bith eile. Tugtar an t-airgead seo ar ais don Soláthróir Bannaí mura mbíonn sé de dhíth. Dá bhrí sin, léirítear an dliteanas comhfhreagrach mar Chreidiúnaí: Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin.

**7. Taisc Fadtéarmacha**

	<b>2016</b>	<b>2015</b>
Cuntas Bainc – Cuntas Taisce ar Théarma 12 Mhí RIB	515,990	514,477
	<b>515,990</b>	<b>514,477</b>

**8. Infháiltais agus Réamhíocaíochtaí atá dlite laistigh de bhliain amháin**

	<b>2016</b>	<b>2015</b>
	€	€
Infháiltais	100,599	9,553
Réamhíocaíochtaí	243,452	252,990
	<b>344,051</b>	<b>262,543</b>

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Nótaí atá ina gcuid de na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

	<b>2016</b>	<b>2015</b>		
	<b>€</b>	<b>€</b>		
<b>9. Méideanna Iníochta agus Fabhruithe atá dlite laistigh de bhliain amháin</b>				
Fabhruithe	232,166	42,059		
Méideanna Iníochta – Táillí Sainchomhairleachta	21,784	9,590		
- Coimisinéirí Ioncaim ÍMAT/ÁSPC	35,794	31,792		
- Coimisinéirí Ioncaim CBL	17,572	14,974		
- Coimisinéirí Ioncaim PSWT	8,425	18,828		
- Eile	79,958	52,081		
	<u>395,699</u>	<u>169,324</u>		
<b>10. Cuntas Caipitil</b>	<b>2016</b>	<b>2016</b>	<b>2015</b>	<b>2015</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		20,042		985
Aistriú (go dtí)/ó na Cuntais Ioncaim agus Caiteachais				
Méid a réadaíodh nuair a diúscaíodh maoin, gléasra agus trealamh				
Cistí a leithdháileadh chun maoin, gléasra agus trealamh a fháil	6,495		23,125	
Méid amúchta de réir dímheas sócmhainní	<u>(5,218)</u>		<u>(4,068)</u>	
Glanmhéid le haistriú		1,277		19,057
Iarmhéid amhail an 31ú Nollaig		<u>21,319</u>		<u>20,042</u>
<b>11. Sochair Scoir</b>			<b>2016</b>	<b>2015</b>
<b>a) Costais Sochar Scoir</b>			<b>€</b>	<b>€</b>
Costas reatha na seirbhíse			192,368	182,189
Costas úis			71,713	129,793
Gnóthachan Úis ar shócmhainní			(3,692)	(170,109)
Lúide: ranníocaíochtaí fostaithe			<u>(33,784)</u>	<u>(38,282)</u>
			226,606	103,591
Táillí riaracháin agus achtúireacha			<u>29,604</u>	<u>23,553</u>
<b>Iomlán</b>			256,210	127,144
<b>bi) Glandliteanas sochar scoir</b>				
Luach reatha na n-oibleagáidí maoinithe			3,917,542	3,489,442
Luach cóir shócmhainní na scéime			<u>2,982,260</u>	<u>2,880,469</u>
<b>Glandliteanas (glansócmhainn)</b>			<u>935,282</u>	<u>608,973</u>
<b>bii) Luach reatha oibleagáidí na scéime ag tús na bliana</b>			3,489,442	3,199,268
Costas reatha na seirbhíse			192,368	182,189
Costas úis			71,713	129,793
(Gnóthachan)/caillteanas achtúireach			175,364	(21,808)
Sochair a íocadh			(11,345)	-
Préimheanna a íocadh			-	-
<b>Luach reatha oibleagáidí na scéime ag deireadh na bliana</b>			<u>3,917,542</u>	<u>3,489,442</u>
<b>biii) Athrú ar shócmhainní na scéime</b>				
<b>Luach cothrom shócmhainní na scéime ag tús na bliana</b>			2,880,469	2,429,646
Ús ar dhliteanais na scéime			3,692	170,109

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Nótaí atá ina gcuid de na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach	(19,021)	163,033
Ranníocaíochtaí an fhostóra	94,681	79,399
Ranníocaíochtaí na mball	33,784	38,282
Aistrithe isteach le haghaidh seirbhíse roimhe sin	-	-
Sochair a íocadh ón scéim	(11,345)	-
Préimheanna a íocadh	-	-
<b>Luach cothrom shócmhainní na scéime ag deireadh na bliana</b>	<b>2,982,260</b>	<b>2,880,469</b>
<b>(biv) Ús glan ar dhliteanais na scéime pinsin</b>		
Costas úis na ndlíteanas	71,713	170,109
Gnóthachan úis ar shócmhainní	(3,692)	(129,793)
Ús glan ar dhliteanais na scéime pinsin	68,021	40,316

Agus an oibleagáid maidir le sochair shainithe á tomhas, cuirtear san áireamh an cleachtas reatha um shochair scoir a mhéadú de réir bhoilsciú praghsanna.

**c) Cur síos ar an scéim agus ar bhoinn tuisceana achtúireacha**

Is é atá sa scéim sochar sainithe ná socrú scoir le sochair shainithe agus é bunaithe ar an tuarastal deiridh, agus déantar na sochair a shainiú de réir na rialachán reatha a bhaineann le scéimeanna "eiseamláireacha" san earnáil phoiblí. Socraítear rátaí ranníocaíochtaí an fhostóra ag féachaint do chomhairle achtúireach agus d'athbhreithniú tréimhsiúil ar an ráta cistithe a bhíonn de dhíth don scéim. Is é a sholáthraítear tríd an scéim ná sochar scoir (ochtódú amháin in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus sochair scoir do chéilí agus do pháistí. De ghnáth is é an aois scoir ná an lá a shlánóidh an ball 65 bliana. Is iondúil go méadaíonn sochair scoir arna n-íoc (agus iad siúd atá curtha siar) ag teacht le boilsciú praghsanna.

Is iad seo a leanas na boinn tuisceana airgeadais ar baineadh leas astu:

	2016	2015
Ráta lascaine	2.0%	2.0%
Méaduithe ar thuarastail	1.9%	1.9%
Méaduithe ar shochair scoir	1.8%	1.8%
Méaduithe ar bhoilsciú	1.8%	1.8%

Déantar na boinn tuisceana maidir le rátaí básmhairachta feasta arna gcinneadh ar bhonn taithe a shocrú ar bhonn táblaí foilsithe básmhairachta (PML002/PFL00) arna n-ullmhú don ghairm achtúireach ag an mBíuró um Imscrúdú Leanúnach ar Bhásmhairacht. Tá na boinn tuisceana a roghnaítear maidir le básmhairacht bunaithe ar tháblaí caighdeánacha a léiríonn gnáthbhásmhairacht pinsinéirí, agus cuirtear san áireamh méadú ar an ionchas saoil le himeacht aimsire.

Léirítear thíos an meán-ionchas saoil, i mblianta, ag pinsinéir a théann ar scor ag aoiseanna áirithe:

	Retiring at 60	Retiring at 65
Fir	25.8	21.4
Mná	27.7	23.2
Bhí sócmhainní na scéime ag deireadh na bliana comhdhéanta de:		
	<b>2016</b>	<b>2015</b>
Gnáthscaireanna	85.2%	68.5%
Bannaí	7.3%	13.4%
Eile	7.5%	18.1%

Agus ráta toraidh fadtéarmach ionchasach na mbonn tuisceana maidir le sócmhainní á fhorbairt, tugtar san áireamh an leibhéal reatha de thorthaí ionchasacha as infheistíochtaí saor ó riosca (bannaí rialtais go príomha), leibhéal stairiúil na préimhe riosca a bhaineann leis na haicmí eile sócmhainní a bhfuil an phunann infheistithe iontu agus na hionchais maidir le torthaí gach aicme sócmhainní sa todhchaí. Déantar an toradh ionchasach do gach aicme sócmhainní a ualú ansin bunaithe ar an sprioc-leithdháileadh sócmhainní d'fhonn ráta toraidh fadtéarmach na mbonn tuisceana maidir le sócmhainní a fhorbairt le haghaidh na punainne.

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta  
Nótaí atá ina gcuid de na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

<b>d) Stair oibleagáidí um shochair shainithe, sócmhainní agus gnóthachan agus cailteanas ó thaithí</b>	<b>2016 €</b>	<b>2015 €</b>	<b>2014 €</b>	<b>2013 €</b>
Oibleagáid um shochair shainithe	3,917,542	3,489,442	3,199,268	2,048,996
Luach cothrom shócmhainní na scéime Easnamh/(barrachas) don scéim mhaoinithe	<u>2,982,260</u> <u>935,282</u>	<u>2,880,469</u> <u>608,973</u>	<u>2,429,646</u> <u>769,622</u>	<u>1,949,619</u> <u>99,377</u>
(Gnóthachain)/cailteanais taithí ar dhliteanais scéime	175,364	(21,808)	33,834	(111,663)
Céatadán na ndliteanas scéime	(4.5%)	(0.62%)	1.06%	(5.45%)

**e) Cistiú na sochar scoir**

Tá súil ag an gCoimisiún €99,342 a íoc isteach sa scéim sochar scoir in 2017.

**f) Cuireadh an fhaisnéis maidir le sochair scoir i láthair de réir na gceanglas is infheidhme maidir le nochtadh faoi FRS 102.**

Is é an 30 Meán Fómhair 2014 an dáta a bhí ar an tuarascáil luachála achtúireach is déanaí, i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2013.

**12. Anailís ar Athruithe i nGlanchistí**

	<b>Amhail an 1 Eanáir 2016 €</b>	<b>Sreabhadh Airgid €</b>	<b>Amhail an 31 Nollaig 2016 €</b>
Airgead ar Láimh/sa Bhanc	20,814,681	(1,440,561)	19,374,120
Cuntas Taisce	559,917	19	559,936
Cuntas Taisce	<u>1,155,942</u>	<u>(198,044)</u>	<u>957,898</u>
	<u>22,530,540</u>	<u>(1,638,586)</u>	<u>20,891,955</u>

**13. Ceangaltais Chaipitil agus Ceangaltais Eile**

Ní raibh ceangaltais ar bith ar an gCoimisiún, ceangaltais chaipitil nó eile, amhail an dáta tuairiscithe.

**14. Ceangaltais maidir le Léas Oibriúcháin**

Sa tábla thíos tugtar na ceangaltais faoi léasanna oibriúcháin le cíós a íoc le linn na bliana i ndiaidh bhliain na gcuntas seo, agus tá anailís déanta orthu de réir na tréimhse ina dtéann an léas in éag.

Cuimsíonn na hoibleagáidí faoi léasanna oibriúcháin

Talamh agus foirgnimh	€
Dul in éag laistigh de bhliain amháin	-
Dul in éag i ndiaidh bliana ach tráth nach faide ná 5 bliana	-
Dul in éag ina dhiaidh sin	2,662,850

Tá an léasacht ar an 3ú hUrlár, Teach Alexandra, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2. Téann an leas in éag ar 30 Meitheamh 2026. Tá an cíós iníoctha in aghaidh gach ráithe roimh ré.

**15. Barrachas/(Easnamh)**

Faoi Alt 23 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, tá an chumhacht ag an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta rialacháin a dhéanamh lena bhforáiltear do Thobhach a ghearradh. Is é an cuspóir atá leis an Tobhach ná costais agus caiteachais an Choimisiúin a chlúdach. Tugtar barrachas/(easnamh) ar bith i mbliain amháin ar bith ar aghaidh agus tugtar san áireamh é agus tobhaigh á socrú ina dhiaidh sin. Foráladh do Thobhach na bliana 2016 trí Ionstraim Reachtúil 552 de 2015 Na Rialacháin fán Acht um Rialáil Eitlíochta 2001 (Tobhach Uimh. 16), 2015.

**16. Dearbhú Leasa – An Coimisinéir agus An Fhoireann**


Chomhlíon an Coimisinéir agus an fhoireann riachtanais Alt 17 (Dearbhú Leasa) den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001. Ní raibh idirbhearta ar bith ag an gCoimisiún le linn na bliana a raibh leas ar bith ag an gCoimisinéir iontu.

**17. Athstruchtúrú**

I mí Lúnasa 2015, d'eisigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an cháipéis 'Beartas Náisiúnta Eitlíochta d'Éirinn'. Sa cháipéis sin luann an Roinn go ndéanfar athstruchtúrú ar na socruithe eagrúcháin maidir le maoirseacht rialacháin i dtaobh sábháilteachta agus cúrsaí geilleagracha. Roimh athstruchtúrú ar bith rinne an Roinn athbhreithniú ar rialú na muirear aerfoirt in Éirinn agus chuaigh sí i gcomhairle le páirtithe leasmhara amach sa bhliain 2016. Níl aon chinneadh déanta go dtí seo.

**18. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais**

